# TOBHACH AR PHRÉIMHEANNA ÁRACHAIS SAOIL ÁIRITHE

Alt 124B den Acht Comhdhlúite Dleachtanna Stampa, 1999 (a cuireadh isteach le hAlt 26 den Acht Airgeadais, 2009)

**Uimhir an chomhaid** | **Uimhir Tagartha Cánach**

Ráiteas ar dhleacht stampa iníoctha i ndáil leisan ráithe dar críoch L L M M B B B B

Árachóir

Seoladh na hOifige Cláraithe:

Seoladh an Ghnó (más éagsúil):

Uimhir Cláraithe Cánach i dTír an Chorpraithe

**SUIM CHOMHLÁN INMHEASÚNAITHE** *(féach Nóta 1 ar leathanach 2)*

| | | |
|---|---|---|
| Suim iomlán na bpréimheanna faighte le linn na ráithe i ndáil le polasaithe árachais saoil dá dtagraítear in aicmí I, II, III, IV, V agus VI d'Aguisín I de Threoir 2002/83/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ar an 5 Samhain 2002 i ndáil le hárachas saoil aon uair a dhéantar iad sa mhéid go bhfuil na rioscaí lena mbaineann na polasaithe lonnaithe sa Stát | **A** | **€ .00** |

**PRÉIMHEANNA EISIATA** *(féach Nóta 2 ar leathanach 2)*

| | | |
|---|---|---|
| (a) Suim a fhaightear i ndáil le gnó pinsin a fhorléireofar de réir Alt 706(2) & (3) den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997 | **B1** | **(€ .00)** |
| (b) Suim faighte le linn nó tríd ath-árachais | **B2** | **(€ .00)** |
| **SUIM INMHEASÚNAITHE** — Bain suimeanna ag [B1] & [B2] ón tsuim ag [A] | **C** | **€ .00** |
| **DLEACHT STAMPA INÍOCTHA** — 1% den tSuim Inmheasúnaithe léirithe ag [C] thuas | **L** | **€ .00** |

**Modh Íocaíochta** (cuir tic ☑ leis mar is cuí) ☐ **RevPay** ☐ **ríomhaistriú airgid:** **Dáta íocaíochta** L L M M B B B B

## DEARBHÚ

**DEARBHAÍM** ar feadh m'eolais agus mo thuairime, gur ráiteas iomlán fíor an ráiteas thuas maidir leis na suimeanna inmheasúnaithe don ráithe thuasluaite.

Síniú Údaraithe ______________________ Dáta L L M M B B B B

**Sonraí Teagmhála (i gcás fiosrú faoin tuairisceán seo):**

Ainm Teagmhála ____________ Ríomhphost ____________

Fón ____________ TAIN an Ghníomhaire L L M M B B B B

RPC015705_GA_WB_L_1

**ROGHANNA ÍOCAÍOCHTA**

## Ríomhaistriú Airgid (RAA)

Féadtar do dhleacht stampa a íoc go díreach leis na Coimisinéirí Ioncaim trí úsáid a bhaint as Ríomhaistriú Airgid (EFT). **Ní mór** na sonraí seo a leanas a bheith san áireamh sa treoir íocaíochta: an cód "**LALEVY**", **Uimhir Thagartha Cánach Choimisinéirí Ioncaim na hÉireann agus Ainm an Árachóra.**

| | |
|---|---|
| **Banc:** | Bainc-Aontas Éireann cpt |
| **Seoladh:** | 7 Sráid an Dama, Baile Átha Cliath 2, D02 KX20, Éire |
| **Ainm an Chuntais:** | Capital Taxes Division, Baile Átha Cliath |
| **Cód Sortála Bainc:** | 93-20-86 |
| **Uimhir an Chuntais:** | 93764158 |
| **BIC (seoladh SWIFT):** | **AIBKIE2D** |
| **IBAN:** | **IE09 AIBK 9320 8693 7641 58** |

Tabhair do d'aire an méid seo a leanas:

1. Ní mór do chistí a aistrítear go dtí an cuntas seo a bheith in airgeadra **Euro**.
2. Ní mór go gclúdóidh an íocóir gach táille bainc.
3. Tá méid forordaithe eolais ag teastáil ar cháipéisíocht EFT chun íocaíocht a dhéanamh. Ní mór **"LALEVY" Uimhir Thagartha Cánach Choimisinéirí Ioncaim na hÉireann** (nó Uimh. Chomhaid mura bhfuil Uimhir Thagartha Cánach na hÉireann ar fáil) agus **Ainm an Árachóra** a bheith san áireamh sa réimse "Teachtaireacht don Tairbhí" den treoir íocaíochta.
4. Braitheann íocaíochtaí a bhaineann úsáid as an mhodh seo go mór ar na sonraí cearta a bheith curtha isteach ag an mbanc tionscnaimh ar an tuairisciú idirbheart. **Tá sé ríthábhachtach go gcuimseodh na íocaíochtaí a dhéanann EFT** an fhaisnéis thuas mar chuid de na sonraí an idirbhirt. Mura gcuirtear an fhaisnéis seo san áireamh d'fhéadfadh go gcuirfí moill ar leithdháileadh na híocaíochta ar do chuntas.
5. De ghnáth, glacann próiseáil bainc trí lá. Dá bhrí sin, is cóir trí lá ar a laghad a cheadú i gcónaí chun íocaíochtaí a chur do shochar ár gcuntas bainc, faoin dáta dlite. Bíonn úis agus pionóis dlite ina leith íocaíochtaí a fhaightear tar éis an dáta dlite.

**TABHAIR DO D'AIRE:**

1. Baineann an tobhach leis an tsuim de phréimheanna inmheasúnaithe a fhaightear ar an 1 Lúnasa 2009 nó dá éis i ndáil le conarthaí árachais, is cuma cén uair a dhéanann an t-árachóir iad.
2. Ón 1 Eanáir 2010, ní áirítear leis an Acht Airgeadais 2010 préimheanna faighte i leith gnó pinsin agus ath-árachais ón tobhach.
3. **Dátaí dlite chun íocaíocht agus tuairisceáin a dhéanamh**
   Ní mór an ráiteas a thíolacadh go leictreonach trí r-phost cumasaithe SSI (Slándáil Shraith an Iompair) **largecasesdiv@revenue.ie** nó trí M'Fhiosruithe agus na clibeanna seo a leanas a úsáid:
   - Baineann an fiosrú le 'Dleacht Stampa',
   - Agus níos beaichte: 'Tuairisceán Dleacht Stampa',

   Agus íocaíocht a rinneadh laistigh de 25 lá tar éis dheireadh na ráithe féilire. Mura bhfuil aon dleacht iníoctha ní mór ráiteas neamhní a chomhlánú agus a sheachadadh.

| I ndáil leis an ráithe dar críoch - | Dáta dlite |
|---|---|
| 31 Márta in aon bhliain | 25 Aibreán sa bhliain chéanna |
| 30 Meitheamh in aon bhliain | 25 Iúil sa bhliain céanna |
| 30 Meán Fómhair in aon bhliain | 25 Deireadh Fómhair sa bhliain céanna |
| 31 Nollaig in aon bhliain | 25 Eanáir sa bhliain dar gcionn |

4. **Íocaíochtaí Déanacha / Pionóis**
   Baineann an méid seo a leanas má loictear dleacht stampa Ailt 124B faoin dáta dlite:
   - tá an t-ús ar an dleacht stampa inmhuirir ón dáta dlite ag ráta 0.0219% in aghaidh an lae nó cuid de lá, sa bhreis ar an dleacht, agus
   - pionós cothrom le €380 le haghaidh gach lá i ndiaidh an dáta dhlite nach n-íoctar an dleacht.

Bailíonn na Coimisinéirí Ioncaim cánacha agus dleachtanna agus feidhmíonn rialuithe Custam. Iarrann na Coimisinéirí Ioncaim ar chustaiméirí sonraí pearsanta áirithe a chur ar fáil chun na críocha seo agus chun críocha feidhmeanna reachtúla áirithe eile de réir mar a shannann an tOireachtas. Féadfaidh sé go ndéanfar do shonraí pearsanta a mhalartú le Ranna agus Gníomhaireachtaí eile Rialtais i gcúinsí áirithe nuair a fhoráiltear dó seo le dlí. Tá polasaí cosanta sonraí na gCoimisinéirí Ioncaim agus eolas ar do chearta cosanta sonraí ar fáil ar **www.revenue.ie**.

Ní comhairle ghairmiúil atá sa doiciméad seo ach treoir amháin, agus níor cheart a mheas gur comhairle dhlíthiúil é ach an oiread. Níor chóir glacadh leis gur treoir chuimsitheach é, ná go dtugann sé freagra cinntitheach i ngach cás.